

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**Department of Education and Skills**

**Meastóireacht Scoile Uile  
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim**

**TUAIRISC**

**Scoil Chaitlín Naofa,  
Cill Mhic a' Domhnaigh, Daingean Uí Chúis, Trá  
Lí, Contae Chiarraí  
Uimhir rolla: 16779K**

**Dáta na Cigireachta: 04.Meitheamh.2014**



**A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F  
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N  
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S**

**A N C H I G I R E A C H T**

## Tuairisc ar Mheastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

### Réamhrá

Rinneadh Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (MSU – BCF) i Scoil Chaitlín Naofa i Mí an Mheithimh 2014. Tá an tuairisc seo bunaithe ar shampla de cheachtanna a breathnaíodh i raon de shuíomhanna foghlama sa scoil, caidreamh le daltaí agus athbhreithniú ar a gcuid oibre, cruinnithe leis an bpríomhoide agus le hionadaithe an bhoird agus na dtuismitheoirí, ceistneoirí a líon tuismitheoirí agus daltaí, agus raon de dhoiciméid scoile. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Is scoil Gaeltachta í Scoil Chaitlín Naofaí bparóiste Fionntrá ar leithnis Chorca Dhuibhne, deich gciliméadir taobh thiar den Daingean. Freastalaíonn scór dalta ar an scoil faoi láthair. Ní mór an líon daltaí go mbíonn Gaeilge labhartha acu nuair a thosaíonn siad ar scoil anseo. Scoil Chaitliceach í an scoil faoi phátrúnacht an Easpag áitiúil. Tógadh an forgneamh scoile i 1928.

Tá **láidreachtaí** ag an scoil sna gnéithe seo a leanas:

- Tacaíonn an bord bainistíochta go láidir le hobair na scoile.
- Tá na h-oidí go léir tiomanta d'ard chaighdeán oideachais a sholáthar trí Ghaeilge do dhaltaí an dúichí.
- Baintear úsáid éifeachtach as raon leathan modhanna múinte gníomhacha agus as suíomhanna suimiúla an dúichí chun cur le foghlaim na ndaltaí.
- Tá caighdeán ard á bhaint amach ag tromlacht na ndaltaí sa litearthacht agus san uimhearthacht.
- Tacaíonn tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne leis an scoil ar bhonn rialta.

Déantar **na príomh-mholtaí** seo a leanas:

- Moltar go láidir go soláthrófaí leithreas foirne ar bhonn caomhnaithe leanaí.
- Moltar go bhfiosródh an bord bainistíochta na féidreachtaí atá ann maidir le teas a chaomhnú agus a smachtú sa bhfoirgneamh. Is gá chomh maith oibreacha deisiúcháin a inniúchadh maidir le díon na scoile.
- Chun tógáil ar an dea-chleactas meastóireachta moltar go ndéanfar measúnú don fhoghlaim, féin agus piar-mheasúnú a fhorbairt a thuilleadh ar bhonn córasach uile-scoile.
- B'fhiú go mór breis deiseanna a sholáthar do dhaltáí obair i ngrúpaí go rialta.

### Torthaí

#### 1. Gnóthachtáil foghlama na ndaltaí

- Tá caighdeán na gnóthachtála san fhoghlaim go maith ar an iomlán. Léiríonn daltaí suim ina gcuid foghlama ranga. Cuireann tromlacht acu iad féin in iúl le muinín. Baineann siad leas éifeacht as an teicneolaíocht chun cur lena gcuid foghlama. Chuir daltaí in iúl trí cheistneoirí na Roinne nach n-oibríonn siad i ngrúpaí go rialta.
- Tá dul chun cinn an-mhaith á dheanamh ag móramh daltaí sa litearthacht agus san uimhearthacht, de réir torthaí tástálacha caighdeánaithe. Cé go bhfuil dul chun cinn chuí á dhéanamh ag mionlach na ndaltaí b'fhiú dúshlán níos mó a sholáthar dóibh san uimhearthacht, ach go h-áirithe. Tá daltaí le riachtanais speisialta ag déanamh dul chun cinn cuí de réir a gcuid cumais.

## 2. Cáilíocht an teagaisc

- Ta cáilíocht an teagaisc sa scoil ar an iomlán go maith. Baintear leas as réimse leathan cur chuige agus modhanna múinte chun coincheapa a mhúineadh agus a dhaingniú. Déantar dífrealú ar bhonn rialta chun freastal ar raon leathan stíleanna foghlama na ndaltaí. Is inmholta an tslí ina n-úsáidtear ceol, drámaíocht agus chomhtháthú chun chur le tuiscint na ndaltaí. Tógtar na daltaí ar thurasanna dúlra, staire agus tíreolaíochta sa cheantar maguaird ar bhonn rialta chun eolas agus scileanna na ndaltaí a fhorbairt a thuilleadh agus a threisiú. Soláthraíonn oidí pleananna scríofa oiriúnacha faoi choinne a gcuid teagaisc. Déantar measúnú ar dhul chun cinn na ndaltaí ar bhonn rialta. Chun tógáil ar an dea-chleachtas seo b'fhiú measúnú córasach a fhorbairt don fhoghlaim i dteannta le féin-mheasúnú agus piar-mheasúnú.
- Soláthraíonn beirt oide, duine acu atá roinnte le scoil eile, agus duine páirt-aimsire, tacaíocht do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais. Cuirtear pleananna oideachais aonair ar fáil do dhá théarma teagaisc. Tá spriocanna an-shainiúil sonraíthe i roinnt de na pleananna seo, atá dírithe ar riachtanais na ndaltaí. Moltar cur chuige comhaontaithe a chur i bhfeidhm ina leith. Ceachtanna le struchtúir agus le luas maith a bhí ins na ceachtanna a breathnaíodh le linn na meastóireachta. Cé go gcuirtear roinnt tacaíochta ar fáil ins na ranganna is ar bhonn aistharraingthe a sholáthraítear í den chuid is mó. Moltar cothromaíocht níos mó a bheith idir tacaíocht aistharraingthe agus sa rang.

## 3. Tacaíocht d'fholláine na ndaltaí

- Caitear go lách leis na daltaí. Le linn na meastóireachta rinneadh féitheoireacht orthu i gcónaí. Léiríonn na daltaí nósanna dea-iompair agus beasaíochta. Chuir formhór na ndaltaí in iúl, trí cheistneoirí, go mbraitheann siad sábháilte ar scoil agus go gcaitear go cothrom leo.
- Tugtar deiseanna do gach dalta a bheith rannpháirteach i ngach gné de shaol na scoile agus chun a gcuid buanna féin a fhorbairt agus a thabhairt chun cinn.
- Thug údaráis na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile, gan athrú ná leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile.

## 4. Ceannaireacht agus Bainistíocht

- Buailte an bord bainistíochta trí huaire in aghaidh na bliana. Coiméadtar miontuairiscí soiléire ar obair na gcruinnithe. Cuirtear tuairisc airgeadais faoi bhráid na mball agus déantar iad a dheimhniú go neamhspléach go bliantúil. Pléann na baill gnóthachtáil na ndaltaí i gcoitinne. De réir miontuairiscí déantar polaisithe a phlé agus a fhaofa ag cruinnithe. Comhairlítear don bhord athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaithe iontrála, frith-bhulaíochta agus dea-iompar ionas go léireodh siad éiteas cuimsitheach na scoile. Tá obair cothabhála an fhoirgnimh á phlé agus á inniúchadh le tamall anuas. Moltar go láidir go soláthrófaí leithreas neamhspléach do dhaoine fásta ar bhonn cosanta leanaí toisc go gcaitear leithris na ndaltaí a úsáid. Comhairlítear don bhord an íosmhéid cruinnithe bliantúil a chomhlíonadh de réir rialacha na Roinne Oideachais agus Scileanna.
- Tá cúramaí ranga lán-aimsire ar an bpríomhoide. Comhlíonann sé a chuid dualgas go gairmiúil agus go fonnmhar. Baineann sé leas as stíl comhoibrítheach agus cuimsitheach agus ceannaireacht á léiriú aige. Tacaíonn an t-oide um dhualgais speisialta go dlúth leis ina chuid curamaí. Oibríonn siad as lámha a chéile rud a chuireann go mór le h-atmaisféar agus le h-éifeacht na scoile.
- Tá caidreamh an-mhaith ag an scoil le tuismitheoirí agus leis an bpobal. Chuir ionadaithe na dtuismitheoirí in iúl ag cruinniú le cigire go bhfuil siad sásta le leibhéil gnóthachtála na ndaltaí. Léirigh tuismitheoirí meon an-dhearfa i leith na scoile ina gcuid freagraí ar cheisteoirí na Roinne.

## 5. Féinmheastóireacht Scoile

- Tá tuairisc féin-mheastóireachta scoile chuí curtha ar fáil ag eascair as anailís a bheith déanta as raon leathan fianaise. Cuireadh guthanna na rannpháirtithe éagsúla san áireamh ins an obair seo. Tá plean feabhsúcháin ar fáil ina bhfuil spriocanna soiléire aitheanta.

Tá cumas na scoile chun tuilleadh forbartha a dhéanamh go maith. Chun tacú leo ina gcuid saothair b'fhiú leas a bhaint as na seirbhísí tacaíochta seachtracha nuair is cuí.

# **Aguisín**

**Freagra na Scoile ar an Tuairisc**

**Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta**

## **Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile**

Freagra ar na moltaí a fuairamar:

Tá leithreas foirne, á sholáthar faoi láthair agus beidh sé ullamh don Nollaig. Deontas ón Roinn chuige.

Tá obair déanta ar an gcóras teasa ó shin chun an teas a chaomhrú agus a smachtú. Toradh ana shásúil air. Táimid chun féachaint ar an díon i 2015.

Tá an fhoireann teagaisc tosnaíthe ar féin agus piar-mheasúnú a úsáid. Tá obair i ngrúpaí in úsáid go rialta anois.